An Clár Luathléitheoireachta

Clár

Intreoir

Réamhrá le CCEA 4

Intreoir leis an Áisaonad 5

Banda 3 - Fordhearcadh

Cuir Síos ar Thréithe Bhanda 3 14

Spriocfhocail agus Leabhair 15

Clár Léitheoireachta CLEITE - Nótaí do Thuismitheoirí 16

Spriocfhocail agus Focail Athráite 18

Measúnú Bhanda 2

Taifead agus Scór na Léitheoireachta 28

Measúnú Bhanda 3

Measúnú Gasta Bhanda 3 46

Taifead agus Scór na Léitheoireachta 47

Intreoir do na Gníomhaíochtaí 68

Gníomhaíochtaí Cláraithe, Banda 3a 70

Gníomhaíochtaí Cláraithe, Banda 3b 73

Gníomhaíochtaí Cláraithe, Banda 3c 76

Gníomhaíochtaí, Banda 3a 79

Gníomhaíochtaí, Banda 3b 137

Gníomhaíochtaí, Banda 3c 199

Intreoir

Réamhrá le CCEA

Tacaíonn na gníomhaíochtaí san acmhainn seo le Banda 3 den Chlár Luathléitheoireachta. Is toradh ar chomhfhiontar í idir trí sholáthraí acmhainní don earnáil Ghaelscolaíochta thuaidh agus theas, mar atá an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin & Measúnaithe (CCEA), Béal Feirste, an tÁisaonad, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG), Baile Átha Cliath. Is acmhainn ar leith í a thacaíonn leis an Chlár Luathléitheoireachta, CLEITE. Is clár leabhar é CLEITE atá déanta ag an Áisaonad le maoiniú agus tacaíocht ó COGG. Tá na gníomhaíochtaí tacaíochta seo anois á soláthar ag CCEA mar chuid dá clár tacaíochta féin don earnáil ó thuaidh.

Sa dóigh gur féidir an acmhainn seo a úsáid ar bhonn uile-oileáin, aontaíodh ar an fhoclóir atá i mBanda 3 roimh ré idir COGG agus an tÁisaonad agus lean CCEA de sin. Rinneadh iarracht mórcheisteanna canúna a laghdú oiread agus ab fhéidir. Tá gníomhaíochtaí comhroghnacha ar fáil anseo le freastal ar éagsúlachtaí canúna.

Tá Gníomhaíochtaí Bhanda 3 ar fáil go leictreonach ar shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann www.nicurriculum.org.uk nó trí www.ccea.org.uk. Is féidir le múinteoirí agus le tuismitheoirí araon na háiseanna éagsúla a bhreathnú nó a íoslódáil. Tá deis ag tuismitheoirí, mar sin, bheith páirteach i bhfoghlaim a gcuid páistí agus an acmhainn seo ar fáil ar líne dóibh, ach sin a dhéanamh i gcomhar leis an mhúinteoir.

Arna dhearadh agus arna tháirgeadh ag CCEA. Tá CCEA fíorbhuíoch den Áisaonad as cead a fháil ábhar na ngníomhaíochtaí seo a fhoilsiú.

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir cuid ar bith den acmhainn seo a athfhoilsiú i gcruth ar bith ná ar dhóigh ar bith gan cead a fháil roimh ré ó CCEA agus ón Áisaonad.

Intreoir leis an Áisaonad

Foghlaim na Léitheoireachta

Is é seo an tríú Banda sa chlár léitheoireachta Cleite. Is clár é seo atá scríofa don chóras tumoideachais i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta. Mar a bhí amhlaidh i mBanda 1 agus 2, tá 60 leabhar ann, idir fhicsean agus neamhfhicsean agus an sprioc ann go mbeidh taithí leathan léitheoireachta ag luathléitheoirí.

Le léamh go líofa, ní mór scileanna éagsúla a chomhordú. Tá an cleachtadh agus an daingniú ríthábhachtach agus leis sin a dhéanamh, tá réimse leathan leabhar de dhíth. Rinneadh iarracht sa chlár seo, mar sin, aghaidh a thabhairt ar na straitéisí éagsúla léitheoireachta atá de dhíth ar an túsléitheoir agus go leor ábhar léitheoireachta a sholáthar ansin leis na scileanna ar fad a dhaingniú.

Sa Bhanda seo, tógtar ar na scileanna ar tosaíodh orthu sa dá Bhanda roimhe seo trí athrá agus athchleachtadh, agus cuirtear leo.

Stair an Chláir

Mar chuid d'obair reatha an Áisaonaid, cuirtear ceistneoir chuig Gaelscoileanna ar bhonn rialta agus is ón aiseolas a bhailítear ó na ceistneoirí seo, chomh maith le hobair le fócasghrúpaí a bhaineann leis na bliainghrúpaí éagsúla, a shocraítear clár oibre an Áisaonaid. Is é a iarradh ar an Áisaonad mar sin, díriú ar thús na léitheoireachta sa Ghaelscolaíocht. Is tosaíocht é seo a shainaithin an earnáil féin.

An chéad chéim a bhí ann ná amharc ar an soláthar a bhí ann agus na bearnaí a aimsiú sa ghné seo den léitheoireacht. Aithníodh nach raibh leabhair ann a dhírigh ar thús na léitheoireachta ina raibh athrá ar spriocfhocail áirithe agus ar spriocfhrásaí áirithe, chomh maith le focail fuaime agus focail suime a bheith á láimhseáil go comhthreomhar.

Shocraigh an tÁisaonad múinteoirí na Bonnchéime a thabhairt le chéile le barúlacha a bhailiú agus le moltaí a fháil ar an chur chuige is éifeachtaí leis an sprioc seo a chomhlíonadh. Bhí níos mó ná fiche scoil páirteach sa lá plé seo chomh maith le léachtóirí ó Choláiste Ollscoile Naomh Muire, comhairleoirí ó na Boird Oideachais agus Comhairle na Gaelscolaíochta. Bailíodh eolas an lá sin agus cuireadh ainmneacha chun tosaigh don mheitheal a chuirfeadh tús leis an tionscadal. Chomh maith leis sin, cuireadh ceistneoir chuig scoileanna maidir le mórcheisteanna a tháinig aníos sa phlé agus tháinig freagraí agus moltaí ó chóir a bheith gach scoil san earnáil.

Mothaíodh go raibh ganntanas de leabhair tharraingteacha ann a bhain le ficsean agus neamhfhicsean ag leibhéal an-simplí. Bhí rún againn oiread leabhar ag an leibhéal seo a chur ar fáil agus a thiocfadh linn, le cleachtadh a thabhairt do na túsléitheoirí. Mhol muid clár gasta ach le rogha leathan a dhéanfadh bliainghrúpa nó dhó, ag brath ar chumas na bpáistí. Ba mhian linn clár a d'ullmhódh páistí do gach leabhar a chuirfí rompu sna blianta ina dhiaidh sin. Má thugtar scileanna díchódaithe agus scileanna tuisceana in éineacht lena chéile, déanfar léitheoirí neamhspleácha de pháistí.

An Clár Luathléitheoireachta

Cleite, An Clár Luathléitheoireachta

Sraith leabhar do luathbhlianta an tumoideachais atá ann do Ghaelscoileanna agus do scoileanna Gaeltachta. Tuigtear go mbeidh dúshraith ag na páistí sa léitheoireacht chomhpháirteach, sa léitheoireacht mhúnlaithe agus sa léitheoireacht faoi threoir, roimh thosú agus go comhthreomhar le húsáid na leabhar seo. Sa chóras tumoideachais, bíonn páistí tumtha sa sprioctheanga, an Ghaeilge, roimh thosú ar an léitheoireacht leis an teanga labhartha a fhorbairt, agus déantar cuid mhaith de seo le leabhair mhóra agus téacsanna agus leabhair eile. Ba cheart go mbeadh tuiscint ag páistí ar struchtúr téacsanna, teanga leabhar agus cuspóir na léitheoireachta (ciall a bhaint as prionta) roimh thosú ar na leabhair seo. Ba cheart, fosta, fiosracht a chothú i dtaobh focal, a gcuid fuaimeanna agus patrún agus an dóigh a bhfuil focail déanta mar dhúshraith. *(Reading, Language and Literacy in the Foundation Stage, Curaclam Thuaisceart Éireann, CCEA).*

Cuireann an 60 leabhar sa Bhanda seo leis na scileanna ar tosaíodh orthu i mBanda 1 agus 2. Ba cheart, mar sin, Banda 1 agus 2 a léamh roimh thosú ar Bhanda 3. Is clár leanúnach é seo agus tógtar ar na scileanna léitheoireachta ar an dóigh seo.

Is sraith í seo, fosta, atá dírithe ar pháistí sa chóras tumoideachais agus ba cheart go mbeadh dúshraith mhaith theanga acu roimh thosú ar an léitheoireacht neamhspleách. Tá an tuiscint an-tábhachtach sa léitheoireacht agus ní fiú scileanna ná straitéisí díchódaithe nó aitheanta focal a chothú sna páistí mura dtuigeann siad ciall na bhfocal seo. Cuimhnigh, mar sin, gur gné an-tábhachtach de na critéir a bhaineann le páistí a bheith réidh don léitheoireacht é sealbhú na Gaeilge.

Rinneadh go leor staidéir ar chur chuige na léitheoireachta, go háirithe sa dara teanga, mar chuid den tionscadal seo, agus roghnaíodh an cur chuige is fearr, dar linn, leis an sprioc a bhaint amach. Is é sin léitheoirí neamhspleácha a chruthú a bheas ábalta a gcuid scileanna léitheoireachta a úsáid sna réimsí foghlama ar fad. Ba mhaith linn grá a chothú sna páistí do léitheoireacht na Gaeilge agus is chuige sin a raibh sé d'aidhm againn leabhair shuimiúla spreagúla a dhéanamh a mbeadh fonn ar pháistí iad a léamh.

Banda 3, an Banda Buí – 60 leabhar

Socraíodh, mar threoir, go leanfaí moltaí *Book Bands for Guided Reading (UK Reading Recovery National Network, 2007)*. Faoi Bhanda 3 moltar go mbeidh páistí ag leanúint téacs leis na súile den chuid is mó, go n-aithneoidh siad an phoncaíocht sa léitheoireacht, go n-aithneoidh siad focail agus fuaimeanna agus go mbeidh siad ábalta tabhairt faoi fhocail nua i dtéacs trí straitéisí éagsúla a úsáid. Ach, ar a bharr sin, éisteadh le barúlacha na múinteoirí ar an ghrúpa a bhfuil taithí fhada acu ar theagasc na léitheoireachta sna luathbhlianta agus sa chóras tumoideachais Ghaelscolaíochta. Sa Bhanda seo, mar sin, tá frásaí agus foclóir athráite ach tá athruithe sna struchtúir abairte. Tá scéalta ann ina bhfuil tús, lár agus deireadh agus eachtraí a bhaineann le taithí na bpáistí.

Tá 60 leabhar i mBanda 3, agus rinneadh trí chuid de, 3(a), 3(b) agus 3(c), mar a rinneadh sa dá Bhanda roimhe seo. Tá trí go cúig líne téacs sna leabhair in 3(a). Faoi 3(c) tá níos mó téacs ann, cúig nó sé líne. Tá líon focal le feiceáil sna nótaí, rud a chuideoidh le measúnú. Tá suas le 150 focal i mBanda 3(a), tá idir 150 agus 170 focal i mBanda 3(b) agus tá idir 170 agus 200 focal i mBanda 3(c). Tá cúpla leabhar i mBanda 3(c) a théann thar 200 focal ach is leabhair iad ina bhfuil cuid mhór athrá. Tá struchtúr scéil ann ina bhfuil tús, lár agus deireadh go minic nó leabhair eolais nach bhfuil athrá iontu an oiread céanna maidir le habairtí. Tá na leabhair seo níos deacra a thuar agus caithfidh an léitheoir na scileanna éagsúla léitheoireachta a úsáid lena léamh. Sin ráite, tá na focail ar fad a clúdaíodh i mBanda 1 agus 2 athráite iontu i gcomhthéacsanna éagsúla agus tá na focail chéanna athráite trí Bhanda 3 leis an fhoclóir radhairc a dhaingniú.

An Clár Luathléitheoireachta

Spriocfhocail Bhanda 3

An rud is suntasaí faoi Bhanda 3 ná go bhfuil dhá spriocfhocal le gach leabhar. Tá gach spriocfhocal a bhí i mBanda 2 mar spriocfhocal arís lena dhaingniú mar fhocal radhairc. Chomh maith leis sin, roghnaíodh na focail suime is coitianta ó Bhanda 1 agus 2 mar spriocfhocail i mBanda 3. Is focail iad seo a thagann aníos go minic agus measadh gur chóir go mbeadh siad mar fhocail radhairc ag na páistí faoin leibhéal seo.

Trialacha agus Leibhéal Teanga Bhanda 3

Bhí sé tábhachtach leabhair Bhanda 3 a thriail i ranganna a raibh Bandaí 1 agus 2 clúdaithe acu. D'fhág sin go raibh scileanna ag na páistí sin a dtiocfadh linn tógáil orthu. Tá scoileanna ina bhfuil an clár seo in úsáid ag rá go bhfuil caighdeán na léitheoireachta ag ardú mar gheall ar úsáid an chláir seo agus mar sin, caithfear an caighdeán ceart a aimsiú leis na scileanna sin a dhaingniú chomh maith lena bhforbairt.

Pictiúir

Tá na pictiúir i mBanda 3 ag teacht leis na focail suime go fóill ach tá rudaí eile iontu chomh maith. Arís, caithfidh an léitheoir na scileanna eile léitheoireachta a úsáid chomh maith le pictiúrleid. Tá pictiúir Bhanda 3 ag leibhéal níos airde ná Banda 2 sa mhéid is go bhfuil siad ag teacht le scéal agus go bhfuil níos mó le feiceáil agus le plé iontu. Tá níos mó mionsonraí sna grianghraif sna leabhair neamhfhicsin.

Gnéithe Gaeilge

Tógtar arís ar úsáid an tséimhithe i mBanda 3 agus tá rogha ann idir leaganacha le séimhiú nó le hurú. Tógtar ar ghnéithe eile teanga; siollaí, rím, fleiscín, **d'** san aimsir chaite roimh ghuta, an uimhir iolra, inscní, úsáid aidiachtaí san iolra agus san uatha, focail bheaga i bhfocail mhóra. Tá leaganacha comhroghnacha ann de chuid de na leabhair agus struchtúr le séimhiú nó urú mar rogha chomh maith le hathchleachtadh ar fhrásaí áirithe.

Fóineolaíocht/Fónaic

Clúdaíodh eolas measartha bunúsach ar chód scríofa na Gaeilge i mBanda 1, áit ar sheas litir amháin d'fhuaim amháin sna focail fuaime. Cuireadh leis an eolas seo i mBanda 2 le dhá litir a léirigh fuaim amháin; litreacha dúbailte chomh maith leis na fuaimeanna **ch**, **mh**, **th**, **bh**, **fh**, **ph**, *(**gc**, **ng**, **bhf** sna leaganacha comhroghnacha)*. Tá roinnt samplaí ann de na leaganacha caola agus leathana de **s**, **d**, **t**, **bh**. Tá na fuaimeanna **ia** agus **ua** thar a bheith coitianta i gcód na Gaeilge agus dírítear aird orthu seo i mBanda 2. Tá tús curtha fosta le hamharc ar na féidearthachtaí éagsúla leis na fuaimeanna **í** agus **ú**.

I mBanda 3 tá forbairt déanta ar an eolas seo. Tá dul siar agus daingniú ann maidir leis an eolas atá i mBanda 1 agus 2, go háirithe maidir le dhá litir, fuaim amháin agus na leaganacha caola agus leathana de **s**, **d**, **t**. Tá níos mó béime ar na dóigheanna éagsúla a léirítear na gutaí fada is coitianta agus amharctar fosta ar shamplaí de léirithe de na gutaí gairide. Tá roinnt leabhar i mBanda 3 scríofa le rím, áit a bhfuil aird ar rithim na bhfocal agus ar na dóigheanna le fuaimeanna a léiriú. Ní gá bheith iomlán cruinn le rím, tá moltaí sna nótaí d'fhéidearthachtaí eile d'fhocail a leanann an patrún ríme céanna ach ní gá go mbeadh gach focal iomlán cruinn. Baintear sult as na focail seo agus má théann siad go maith le rithim an dáin, tá go breá.

Roghnú na Leabhar

Is trí mhionscrúdú a dhéanamh ar shamplaí Béarla den chineál seo leabhar a shocraigh muid nárbh fhiú an chuid is mó de na leabhair seo a

An Clár Luathléitheoireachta

dhéanamh ó bhun. Bhí caighdeán an-ard pictiúr agus an-tábhacht leis na pictiúir sna leabhair seo chomh maith le pictiúrscéalta a thiocfadh linn a leanúint. Mheas muid gurbh fhearr iad seo a úsáid nuair ab fhéidir é. D'aithin muid go raibh oiread tábhachta leis na pictiúir agus a bhí leis an téacs. Chuaigh muid trí na céadta leabhar agus roghnaigh muid leabhair a bhí ag teacht leis an sprioc a bhí againn maidir le foclóir agus téacs agus chruthaigh muid ár dtéacs féin a bhí ag teacht leis na pictiúir. Ní aistriúchán iad na leabhair seo, níl ann ach gur úsáid muid na pictiúir, an pictiúrscéal agus an leagan amach. Rinne an tÁisaonad socrú le foilsitheoirí éagsúla a bhí roghnaithe againn. Ní i gcónaí a bhí an córas seo éifeachtach agus shocraigh muid ar chuid de na leabhair a bhain le gnéithe áirithe den Ghaeilge a scríobh agus a dhéanamh ó bhun. D'fhostaigh muid grianghrafadóir, thug treoir chuimsitheach dó agus ghlac sé pictiúir do na leabhair áirithe sin.

Na foilsitheoirí a roghnaigh muid ná:

Sails – Carroll Heinemann (x 21 leabhar)
'*The Sails Literacy Series develops analytical thinking skills, decoding and comprehension skills, understanding of fiction and non-fiction, understanding of purpose, structure and genre.*'

Thaitin leagan amach na scéime seo linn agus lean muid an sampla seo lenár gclár féin. Tá uimhir an leabhair agus an spriocfhocal léirithe ar an chlúdach cúil, rud a spreag muid i leagan amach ár gcláir féin.

Collins Big Cats – Harper Collins (x 25 leabhar)
Tá na pictiúir sna leabhair seo an-tarraingteach agus spreagúil. Chomh maith leis sin, tá nótaí an mhúinteora taobh istigh de chlúdach cúil na leabhar. Shocraigh muid ar a leithéid a chur ar fáil sa chlár seo chomh maith le nótaí tuismitheora i mBéarla.

Literacy Links – Kingscourt (x 10 leabhar)
Is leabhair bheaga shimplí iad seo a bhfuil pictiúir shoiléire iontu. Tá an tsraith seo ag Kingscourt curtha i mbandaí do léitheoireacht an Bhéarla agus bhí na pictiúir sna leabhair áirithe seo ag teacht leis an sprioc a bhí againn féin le léitheoireacht na Gaeilge.

Fireflies - Oxford Reading Tree
'Oxford Reading Tree integrates speaking and listening, high quality phonics teaching and language comprehension. It is a whole language approach and a story method – not a vocabulary controlled scheme but key words frequently repeated.' Lean muid an teoiric atá ag ORT a léiríonn nach bhfuil focail mar *killer-whale*, *tomato sauce*, *spaceman* níos deacra ag páistí ná *as, we, can, you, srl*. Cuidíonn siad le ciall agus tuiscint agus tá tacaíocht sna pictiúir. Rinne muid iarracht a leithéid a dhéanamh i nGaeilge. Níl samplaí de na leabhair seo i mBanda 3 ach lean muid den chur chuige.

Mitchell/Kane – (x 4 leabhar)
Is iad seo na leabhair a scríobh muid ó bhun agus muid ag díriú ar ghnéithe áirithe den Ghaeilge. Ba mhian linn grianghraif de na Gaelscoileanna ar fad atá páirteach i scríobh na leabhar a bheith iontu. Ar an dóigh seo, tá an Ghaeilge le feiceáil sa timpeallacht, sna pictiúir agus in éadaí scoile, mar shampla. Tá na gnéithe seo tábhachtach le páistí óga a spreagadh sa léitheoireacht. Rinneadh iarracht sna leabhair seo suimeanna na bpáistí Gaelscoile a léiriú. Is féidir gnéithe áirithe de theanga na Gaeilge a iniúchadh sna téacsanna seo agus focail ar leith a roghnú le scil léitheoireachta a dhaingniú, *m.sh*. baineann an leabhar ina bhfuil *teacht* mar spriocfhocal le tithe agus an focal *teach* ann go minic.

An Clár Luathléitheoireachta

Struchtúr an Cláir

- Tá idir fhicsean agus neamhfhicsean (thart faoi 60% ficsean, 40% neamhfhicsean) ann ó thaobh téacsanna de - neamhfhicsean bunaithe ar rudaí coitianta/taithí na bpáistí agus ar rudaí atá i dtéamaí curaclaim.
- Tá bandaí ann. Tá 60 leabhar sa bhanda seo agus bhí 60 leabhar sa dá bhanda roimhe seo.
- Mar a bhí amhlaidh le Banda 1 agus 2, tá trí chuid déanta de Bhanda 3. Banda 3(a), Banda 3(b) agus Banda 3(c). Tá na leabhair in ord deacrachta agus tá uimhir agus ord na leabhar ar chúl gach leabhair.

An Ghaeilge agus na Leaganacha Comhroghnacha

Tá dhá leagan ar fáil do gach Banda i gCleite le freastal ar Ghaeilge na bpáistí ar fud na tíre. Tá an clár scríofa sa chaighdeán, ach ó tharla an tÁisaonad a bheith lonnaithe i gCúige Uladh, is caighdeán Ghaeilge Uladh is mó a bhíonn in úsáid againn. Ba mhian linn an clár seo a bheith úsáideach agus éifeachtach ar fud na tíre agus is é an cur chuige is mó atá tábhachtach do thús na léitheoireachta. Mar sin, tá dhá leagan de na leabhair ar fáil nuair a mheastar focail nó frásaí a bheith coimhthíoch ag páistí in áiteanna éagsúla sa tír. Is an t-athrú i ndiaidh an ailt agus réamhfhocal an áit is mó a bhfuil an difear ***ar an bhó/ar an mbó*** agus tá dhá leagan ar fáil den struchtúr seo. Tá ***thig/is féidir*** mar spriocfhocail sna leaganacha comhroghnacha seo. Seachnaítear ***madaí/madraí***, ***táblaí/boird*** nuair is féidir ach tá roinnt áiteanna ann nárbh fhiú leabhar iomlán a sholáthar ar mhaithe le focal amháin. Sa chás seo, tá greamáin ar fáil sa chlófhoireann chéanna le cur sna leabhair sin; ***gasta/tapa, cuidiú/cabhrú, amharc/féach/breathnaigh, mall/déanach, rinne muid/rinneamar, chonaic muid/chonaiceamar, druideann/dúnann, tábla/bord***
Má tá focail ar leith ag canúint ar leith is féidir focail a chur ar fáil ar an dóigh seo. Ar an dóigh chéanna, tá moltaí sna nótaí múinteora/tuismitheora dírithe ar chanúintí éagsúla i gcló iodálach agus is féidir an leagan a fhóireann duit féin a roghnú, m.sh. ***cnoc***, is focail suime é i gCúige Uladh mar gheall ar an fhuaim **r** a bheith ag an **n** ach is focal fuaime é i gcanúintí eile. Tá leaganacha comhroghnacha ar fáil do na gníomhaíochtaí chomh maith.

Tá teanga in úsáid sa tsraith seo a thugann deacrachtaí agus dúshláin do pháistí. Tógadh ar na moltaí sa pháipéar taighde 'Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach' a rinneadh in OÉ na Gaillimhe (2014) agus cuireadh frásaí agus gnéithe áirithe den Ghaeilge roimh léitheoirí leis an taithí sin a thabhairt dóibh.

An Teanga

- **Tuiscint:** Tá an-bhéim ar an tuiscint sa chlár seo. Tá sé tábhachtach a aithint nach gá do léitheoirí gach uile fhocal a 'léamh' le go dtig leo bogadh chuig leabhar nua, is é an tuiscint an rud is tábhachtaí. Baineann tuiscint leis an chaidreamh a bhíonn ag an léitheoir leis an téacs. Tá taithí, cúlra agus mothúcháin an léitheora an-tábhachtach sa léitheoireacht. Bíonn impleachtaí móra ag na gnéithe seo do thuiscint an léitheora agus míníonn sé seo an dóigh ar féidir téacs a athléamh agus rud nua a bhaint as gach uair. Tá moltaí i nótaí an mhúinteora/tuismitheora le tacú le múinteoirí/tuismitheoirí le forbairt na scileanna tuisceana. Iarrtar ar léitheoirí an chláir seo a dtaithí féin ar an ábhar a phlé i gcomhthéacs an téacs. Iarrtar orthu tuar a dhéanamh, a gcuid mothúchán a phlé, ceisteanna a chur, moltaí a thabhairt agus athinsint a dhéanamh ar an méid atá léite acu. Tá béim ar an phlé a bhaineann leis an téacs agus an phictiúr le chéile. Tacaíonn na pictiúir leis an téacs agus bíonn impleachtaí móra ag na pictiúir do thuiscint an léitheora. Tá gá le heiseamláiriú do luathléitheoirí maidir le tuiscint.
- **Spriocfhocail:** Tá 2 spriocfhocal le gach leabhar i mBanda 3. Clúdaítear 60 spriocfhocal i mBanda 3. Tagann gach spriocfhocal aníos in dhá leabhar ach ní i ndiaidh a chéile mar a bhí amhlaidh i mBanda 1 agus 2. Is athchleachtadh iad seo ar na spriocfhocail a bhí i mBanda 2 chomh maith le focail suime a bhí ann go minic a measadh gur chóir iad a bheith mar fhocail radhairc ag an leibhéal seo. Ba chóir go mbeadh na páistí ábalta na focail seo a scríobh agus tá béim orthu seo sna gníomhaíochtaí.

An Clár Luathléitheoireachta

- **Focail Fuaime:** Tá forbairt ar an eolas ar na focail fuaime i mBanda 3. I mBanda 1, tá focail atá furasta a dhíchódú ann ina bhfuil litir amháin a sheasann d'fhuaim amháin. Tógtar ar an eolas seo i mBanda 2. Tá béim ar na litreacha dúbailte agus ar na fuaimeanna coitianta **ch, bh, th, mh, fh, ph** *(**gc, ng, bhf** sna leaganacha comhroghnacha)*. Ansin, déantar na leaganacha caola agus leathana de **s, d, t, bh,** na fuaimeanna **ia** agus **ua** agus roghanna éagsúla de na fuaimeanna **í** agus **ú**. I mBanda 3 tá athchleachtadh ann ar an eolas seo chomh maith le níos mó eolais ar na léirithe éagsúla de na gutaí fada agus gairide. Ba chóir go mbeadh na páistí ag léiriú feasachta ar an eolas seo ina gcuid scríbhneoireachta.
- **Focail Suime:** Cuirtear le líon na bhfocal suime i mBanda 3 agus tá athrá déanta ar na focail suime a bhí i mBanda 1 agus 2. Rinneadh anailís ar na focail suime is coitianta i mBandaí 1 agus 2 agus tá siad sin anois mar spriocfhocail i mBanda 3 le bheith mar fhocail radhairc ag na léitheoirí. Bíonn na focail suime léirithe i gcónaí sna pictiúir. Cuirfidh siad le stóras focal agus daingniú teanga na bpáistí. Tógfar ar scil na bpictiúrleideanna agus na scileanna eile atá na páistí a thógáil de réir a chéile. Is cinnte go bhfuil tacaíocht de dhíth ar na páistí maidir leis na leideanna agus na scileanna seo a úsáid leis na focail seo a léamh. Ní bheifeá ag dúil leis na páistí na focail seo a scríobh go neamhspleách ach is cinnte go gcuirfear tús le hiarrachtaí. Beidh tacaíocht de dhíth ar an léitheoir na focail seo a rá nó a léamh i nGaeilge agus déanfar sin trí ghníomhaíochtaí roimh ré, siúl trí phictiúir an leabhair roimh ré leis an fhoclóir a phlé agus leis na leideanna eile léitheoireachta a úsáid; focail a bhriseadh ina siollaí, tús, lár nó deireadh a léamh, focail bheaga a aithint iontu, cosúlachtaí a aithint le focail eile, patrún nó cruth an fhocail a aithint.
- **Focail i gComhthéacs:** Tá athrá ar fhrásaí a bheadh ag na páistí ó bhéal agus éagsúlacht de fhrásaí ann le cuidiú le comhréir agus struchtúr na Gaeilge. Tá focail nua eile ann sa chomhthéacs seo agus tugtar focail i gcomhthéacs orthu sin. Beidh na páistí ábalta na focail seo a thuar sa chomhthéacs, *m.sh. le do thoil, go raibh maith agat, lá amháin* agus iad ag teacht leis an taithí teanga atá acu féin.
- **Séimhiú/Urú:** Tá athchleachtadh ar an séimhiú/urú sa Bhanda seo. Tá samplaí de **mo** agus séimhiú, an tuiseal gairmeach le séimhiú, agus **sa** le séimhiú i mBanda 2 agus tá samplaí de **ar an** agus séimhiú (nó urú) ann chomh maith. I mBanda 3, tá athchleachtadh air seo chomh maith le haird ar ghnéithe eile Gaeilge, leithéidí iolraí éagsúla, an bhreischéim, inscní.
- **Poncaíocht:** Tá éagsúlacht ann maidir le húsáid poncaíochta; comharthaí ceiste, comharthaí uaillbhreasa, comharthaí cainte agus camóga. Is daingniú é seo ar úsáid na poncaíochta i mBanda 1 agus 2. Pléitear leis an chamóg i mBanda 2 agus 3, i dtús báire le sos nó i línte dáin agus ansin le liostaí. Tá poncanna a léiríonn scéal ar leanúint thar leathanaigh ann chomh maith.

An Leagan Amach

- Tá an chlófhoireann chéanna in úsáid i mBandaí 1, 2 agus 3 ar fad.
- Tá líne amháin téacs i mBanda 1(a) agus 1(b) agus dhá líne téacs in amanna i mBanda 1(c). Tá dhá nó trí líne téacs i mBanda 2(a) agus tá suas le 5 líne téacs i mBanda 2(c). Tá 5/6 líne téacs ag tús Bhanda 3 agus suas le 7 líne faoi dheireadh Bhanda 3. Tá líon focal gach leabhair sna nótaí, rud a chuideoidh leis an mheasúnú.
- Tá níos mó béime i mBanda 3 ar leagan amach abairtí. In amanna tá dhá abairt ar líne amháin agus in amanna eile tá abairtí ann a théann thar dhá líne mar abairt leanúnach. Tá béim anseo ar leanúnachas sa téacs agus abairtí a théann thar dhá líne le scéal a léiriú.
- Tá neart ábhar plé sna pictiúir agus tá na pictiúir mar shíneadh ar an téacs.
- Tá treoracha taobh istigh de chlúdach cúil/tosaigh gach leabhair – don mhúinteoir agus don tuismitheoir.

An Clár Luathléitheoireachta

Measúnú

Tá dhá chineál measúnaithe curtha ar fáil sa chomhad seo. Measadh i mBanda 1 go raibh sé róluath measúnú cruinn a dhéanamh agus cuireadh seicliosta ar fáil leis na scileanna a chlárú, rud atá ar fáil chomh maith do Bhanda 2 agus 3. Clúdaíonn an seicliosta seo na scileanna ar fad a thógfaidh an léitheoir sa chlár seo. Chomh maith leis sin, tá leathanaigh mheasúnaithe ann do na páistí ar na spriocfhocail a bhaineann le gach banda.

Faoi dheireadh Bhanda 2, socraíodh go ndéanfaí tagarmharcáil don léitheoireacht a bheadh ag teacht leis an Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht (Nig Uidhir agus Clay, 2006) agus le PM Benchmark Reading Assessment, Cengage Learning PTY Limited 2008. Is measúnú é seo a dhéantar le leibhéal léitheoireachta an pháiste a mheas ar bhealach níos cruinne. Baineann sé seo le cuntas a dhéanamh ar na hearráidí a dhéanann páiste sa léitheoireacht, sin a dhéanamh mar chéatadán den líon iomlán focal atá sa leabhar agus ansin iniúchadh a dhéanamh ar an chineál earráide atá ann agus straitéisí cuí a aimsiú lena leasú. Cuidíonn sé fosta an leibhéal ceart téacs a dhíriú ar léitheoirí. Moltar leabhar 20 i mBanda 2(a), 2(b) agus 2 (c) agus i mBanda 3(a), 3(b) agus 3(c) don tagarmharcáil seo. Tá cur síos ar an tagarmharcáil, téacs na leabhar sin agus ceisteanna cuí tuisceana curtha ar fáil sa chomhad seo. Le tacú leis an tagarmharcáil seo le measúnú a dhéanamh, tugtar líon focal sna nótaí i ngach leabhar i mBanda 2 agus 3. Má tá clár nó innéacs i leabhar, níl sé sin san áireamh sa líon focal. Má tá píosa plé, léarscáil nó greannán ag cúl an leabhair nó liosta de na carachtair sna drámaí, níl sé sin san áireamh ach oiread. Go minic, níl sna lipéid, sna bolgáin chainte agus i dteidil na gcaibidlí sna leabhair ach athrá ar an téacs. Mar sin, tá siad sin san áireamh sa líon focal.

Buíochas agus Aitheantas

Is é Grúpa Luathléitheoireachta an Áisaonaid a chuir an clár seo le chéile, idir cur chuige a shocrú, roghnú na dtéacsanna, scríobh na leabhar agus eagrú an chláir. Thriail siad na leabhair chomh maith ag staideanna éagsúla sna scoileanna, rud a thug treoir maidir le dul chun cinn na hoibre.

Jacqueline de Brún, An tÁisaonad, Stiúrthóir an Chláir

Na múinteoirí

Dolores Barnes, Bunscoil Phobal Feirste

Deirdre Uí Choisneacháin, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh

Orla Flanagan, Gaelscoil na bhFál

Seosaimhín Ní Ghribín, Bunscoil Bheann Mhadagáin

Clare O'Loughlin, Bunscoil Naomh Bríd

Joanne Uí Luachráin, Bunscoil Naomh Proinsias

Aoife Ní Phóilín, Gaelscoil na bhFál

Caitríona Nic Sheáin, Scoil an Droichid

Máiréad Nig Uaid, Scoil na Fuiseoige

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le príomhoidí na scoileanna sin thuasluaite a thug tacaíocht dúinn trí ligean do na múinteoirí bheith saor ó dhualgais ranga le tacú leis an chlár seo agus leis na leabhair a thriail ina scoileanna.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil chomh maith leis na daoine ar fad a thug comhairle agus tacaíocht dúinn le linn na hoibre seo: **Máire Nic Sheáin, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Eibhlín Mhic Aoidh, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Máire Nic Giolla Cheara, Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair, Hilary McAvoy, Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste, Brídín Nic Uiginn, Séideán Sí, Catherine Gilliland, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Nuala Ní Chatháin, Bunscoil Naomh Pádraig, Máirín Nic Giolla Fhinnéin, Bunscoil Naomh Pádraig, Eileen Ní Shiail, Scoil na mBráithre Críostaí, Ard Mhacha,**

An Clár Luathléitheoireachta

Lavinia McGrath, Scoil na mBráithre Críostaí, Ard Mhacha, Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Gaelscoil Bhaile Brigín, Doireann Ní Ghiobúin, Gaelscoil Bhaile Brigín, Caitríona Ní Fhiannachta-Uí Bhéarra, Scoil Sailearna, Ciara Nic Gearailt, Gaelscoil Charraig Uí Leighin agus leis na scoileanna a ghlac páirt sa lá plé agus a sheol ceistneoir chugainn.

Is é **Fionntán Ó Mealláin** a ghlac na grianghraif agus a rinne an dearadh do na leabhair a d'fhoilsigh Mitchell/Kane.

Is é **Colm Mac Aindreasa** a rinne an leagan amach agus an chlófhoireann agus a chuir an téacs Gaeilge san áit cheart i suíomh na bpictiúr. Is iad **Gabhán Ó Dochartaigh** agus **Ciarán Ó Pronntaigh** a rinne eagarthóireacht ar an chlár.

Banda 3 - Fordhearcadh

	Spriocanna foghlama	An téacs/na pictiúir 3(a)100-150 focal 3(b)150-170 focal 3(c)170-200 focal	Ciall an téacs agus an cineál scéil/seánra	Comhthéacs frásaí/ comhréir	Spriocfhocail focail radhairc/ suime	Eolas fóineolaíoch/ cód (Fónaic na Gaeilge)	Poncaíocht agus gnéithe téacs
Banda 3	Téacs a leanúint le súile, méar ag díriú ar rudaí dúshlánacha amháin Léamh le rithim, aird a dhíriú ar phoncaíocht, ar phatrúin sna frásaí Léamh le mothú, glór a athrú do chainteoir nua, tuiscint a léiriú Focail atá ar eolas a úsáid le focail eile a léamh Eolas ar fhóinéimí a úsáid le focail nua a léamh Eolas a chuardach sa téacs le focail nua a thuar, a thriail, a chinntiú Comparáidí a dhéanamh Tuiscint a léiriú trí phlé níos doimhne ar an téacs	4,5 líne téacs – athrá le habairtí agus focail áirithe Éagsúlacht i leagan amach na n-abairtí Béim ar théacs leanúnach, abairtí a théann thar línte Meascán d'abairtí fada agus gairide Nascfhocail Pictiúir ag tacú le téacs, mionsonraí Clófhoireann chéanna	Ficsean 60% Scéalta le hamlíne chinnte Neamhfhicsean 40% le téamaí ADTO. Leabhair eolais, treoracha, srl le clár, lipéid, innéacs, srl Roinnt leabhar ina bhfuil rím Bolgáin chainte, greannáin, léarscáil agus eochair	Abairtí/frásaí atá ar eolas ó bhéal Abairtí/frásaí le cleachtadh agus daingniú Athrá maidir le focail/frásaí i suíomhanna éagsúla Séimhiú i bhfrásaí atá ar eolas ó bhéal – *a Mhamaí, sa charr, mo phóca* Gnéithe teanga - aidiachtaí, d', fleiscín, béim, breischéim, iolraí, réamhfhocail	Focail atá ar eolas ó bhéal Focail ó Bhanda 1/2 athráite - cleachtadh agus daingniú Seans a thabhairt na focail seo a scríobh Focail riachtanacha i gcomhthéacs Focail suime nua atá léirithe sna pictiúir agus le léamh le scileanna éagsúla	Aird ar rím, siollaí, fuaimeanna sna focail Daingniú ar eolas ar an chód; Litir amháin, fuaim amháin. Dhá litir, fuaim amháin. d, t, s, **bh** caol agus leathan. **ua** agus **ia**. Gutaí fada agus guta gairide agus na léirithe éagsúla. Focail atá cosúil lena chéile, patrúin i bhfocail, focail bheaga i bhfocail An dóigh leis an eolas seo a chur i bhfeidhm sa léitheoireacht	Ceannlitir agus lánstad Comharthaí ceiste Comharthaí uaillbhreasa Comharthaí cainte Camóga le sos, le liostaí agus san fhilíocht Clár/Innéacs a úsáid

Spriocfhocail agus Leabhair

Banda 3

Ficsean – 39 Neamhfhicsean – 21 2 Leagan – x 12 G – Greamáin

3a		3b		3c	
Teideal	**Spriocfhocail**	**Teideal**	**Spriocfhocail**	**Teideal**	**Spriocfhocail**
1. Ag Obair le Rothar NF	obair rothar	1. An Cat agus a Mhála F x 2	thug teacht	1. Bríd ag an Aonach F	Mamaí fuair
2. Bí Aclaí NF	rith léim	2. Bricfeasta F	déan orm	2. Na Muca Beaga F	teach deas
3. Sa Dánlann F (G)	chonaic fear	3. Cnámharlach NF	aige aici	3. An Geimhreadh NF	beidh fearr
4. Pól Piongain agus a Chairde F	teacht suas	4. Bronntanas ó Mhamó F x 2	inniu teach	4. Bhí Cuileog ar an Duilleog F (G)	orm chuig
5. Ag Campáil F	sibh réidh	5. Mánas Mairnéalach agus na hÉin F	chuir thóg	5. Mánas Mairnéalach agus na Buataisí F	thóg gáire
6. Ochtapas NF (G)	air uisce	6. Ag Dreapadh NF	bíonn bheith	6. Ar Scoil NF	obair inniu
7. Béar Mór agus a Stocaí F	deas beidh	7. Dinnéar le Daidí F	sibh Daidí	7. Pota Lára Lacha F	níor tháinig
8. An tÉan Beag Dearg F	beag ar ais	8. Mo Ghairdín NF	fuair muid	8. Cuach sa Nead NF	aici eile
9. Tá Mánas Mairnéalach Tuirseach F	níor ina luí	9. An Leon agus an Luchóg F	uirthi súgradh	9. Daidí agus an Clár Scátála F x 2	páistí ar ais
10. Ag Siúl F	chonaic siúl	10. An Zú F	ithe agus	10. Luchóg agus Arracht F	cinnte gáire
11. Cosa NF x 2	thig/féidir a dhéanamh	11. Piseanna NF	ithe réidh	11. Bróga, Leoga NF	siúl duine
12. Ar na Rothair F	rothar síos	12. Cá bhfuil mo bhríste? F	chuaigh suas	12. Uncail Fiachra agus na Fiacla F x 2	chuir páistí
13. Dialann Aimsire F	rinne muid	13. Tine! F	tháinig amach	13. Amach Leat! F	faoin amach
14. Eitleog Nua do Rónán F	thug Mamaí	14. Snag F x 2	cuir eile	14. An Fear Bréige F	air cinnte
15. An Turas F	chuaigh chuig	15. Luas NF	bean daoine	15. Ag Athchúrsáil le Plaisteach NF x 2	déanann a dhéanamh
16. Súile NF x 2	thig/féidir fear	16. Luchóg sa Teach F	Daidí faoin	16. Turas sa Spás NF x 2	daoine bean
17. Cluasa NF	bíonn beag	17. Leabhar na Séasúr F	súgradh nach	17. Ciaróg ag Ceol F	bheith nach
18. Ag Obair Liom F	mise uisce	18. Bainne Bó NF	déanann duine	18. Cinnín Óir agus na Trí Bhéar F x 2	deas ina luí
19. Daoine NF	aige nuair	19. Rua ar Cuairt F	léim síos	19. Camógaíocht NF x 2	rith uirthi
20. Is Maith Linn Siúl F	nuair fearr	20. Bialann do na Féileacáin NF	cuir déan	20. An Chircín Bheag Rua F x 2	rinne mise

F – 13 NF – 7 (x 2 dhá leagan) F – 13 NF – 7 (x 3 dhá leagan) F – 13 NF – 7 (x 7 dhá leagan)

Clár Léitheoireachta CLEITE - Nótaí do Thuismitheoirí

Is clár léitheoireachta é seo don chóras tumoideachais. Ní labhraíonn formhór na bpáistí sa chóras seo Gaeilge sa bhaile ach bíonn siad tumtha sa sprioctheanga roimh thosú ar an léitheoireacht dóibh. Tá nótaí agus moltaí mar chuid den chlár seo le tacú le tuismitheoirí sa bhaile. Déan comhrá go minic le do pháiste i do rogha teanga le foclóir agus taithí ar theanga a leathnú, cuirfidh gach taithí ar theanga le forbairt na litearthachta. Má tá foclóir leathan ag páiste sa chaint beidh foclóir leathan aige/aici don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht. Stop go minic sa léitheoireacht leis an chiall a phlé. Is é an tuiscint sprioc na léitheoireachta. Pléigh gach téacs le do pháiste, pléigh an méid a thuig sé/sí ón téacs, na teachtaireachtaí, na mothúcháin agus eolas eile ó na pictiúir. Déan tuar agus achoimre. Imir cluichí focal le do pháiste, beidh moltaí ag an mhúinteoir. Léigh leabhair eile le do pháiste oiread agus is féidir i do rogha teanga. Tá scileanna i gceist sa léitheoireacht a thrasnaíonn gach teanga. Léigh scéalta, leabhair eolais, dánta, treoracha, cláir ama, irisleabhair, srl. Bain úsáid as na straitéisí céanna atá molta sa chlár seo leis na scileanna sin a chleachtadh agus a dhaingniú. Léirigh go dtaitníonn an léitheoireacht leat.

Tá ceithre chineál focal sa chlár seo le go dtig le léitheoir réimse scileanna a fhorbairt.

- **Spriocfhocail**
  Tá 2 spriocfhocal le gach leabhar i mBanda 3, agus tá siad léirithe i gciorcal ar chúl an leabhair.
  Tá spriocfhocail na leabhar atá léite roimhe athráite don chleachtadh agus iad liostaithe sna nótaí. Is stór focal súilaithne iad seo atá le foghlaim ó mheabhair. Ba cheart go mbeifí in ann na focail seo a léamh go líofa.

- **Focail Fuaime**
  Déantar na focail seo 'a fhuaimniú amach'. Tá liosta na bhfocal seo sna nótaí i ngach leabhar. Ní gá gach focal a dheighilt ar an dóigh seo. Feicfear forbairt de réir mar a chuirfidh an léitheoir aithne ar an chód.

- **Focail Suime**
  Sna chéad leabhair, baineann an léitheoir úsáid as pictiúirleideanna le tabhairt faoi na focail seo. De réir a chéile, éiríonn na pictiúir níos casta agus bíonn leideanna eile de dhíth. Ní bheifeá ag súil go léifeadh na páistí na focail seo go líofa ach ba chóir dóibh a gcuid scileanna a léiriú, *m.sh.* pictiúrleid, an chéad litir, an litir dheireanach, an bhfuil focal beag ann, an focal a dheighilt agus a fhuaimniú, suíomh an fhocail san abairt.

- **Focail i gComhthéacs**
  Is focail iad seo atá athraithe mar gheall ar an chomhthéacs nó atá mar chuid de fhrása atá ar eolas ó bhéal, *m.sh. sa ghairdín, le do thoil*. Ní bheifeá ag súil go léifeadh na páistí na focail seo go líofa ach ba chóir dóibh tuiscint ar chomhréir, ar thuar agus ar an téacs a léiriú.

Tá nótaí ar chúl gach leabhair faoin dóigh le tacaíocht a thabhairt don léitheoir leis na focail seo.

Clár Léitheoireachta CLEITE - Nótaí do Thuismitheoirí

CLEITE Reading Programme – Parents' Notes

This is a reading programme specific to an immersion education setting. Most children in this setting do not speak Irish at home but are immersed in the target language before beginning to read. There are notes and suggestions with this programme on how to support parents at home. Have conversations regularly with your child in your choice of language to widen his/her experience of language, all language experience will benefit literacy development. A child who has a wide spoken vocabulary will have a wide vocabulary for reading and writing. Stop frequently in reading to discuss meaning. Understanding is the aim of reading. Discuss every text with your child. Discuss what he/she understands from the text, the messages, the feelings and other information from the pictures. Let your child predict and summarise. Play word games with your child, your child's teacher will have suggestions. Read other books with your child as often as you can in your choice of language. There are skills involved in reading that transpire all languages. Read stories, information books, poems, instructions, timetables, magazines, etc. Use the strategies suggested in this programme to practice and confirm the various skills. Let your child see that you enjoy reading.

There are 4 types of words in this programme to help the reader develop a range of reading skills.

- **Target words**
  There are two target words in every book in Band 3; these are circled on the back cover of each book. The sight words from previous books are repeated for practice and are listed in the notes. These are sight vocabulary words to be learnt off by heart and should be read fluently.

- **Sound words**
  The children 'sound out' the word. There is a list of these words in the notes in each book. It is not necessary to segment every word in this manner. This skill will develop with the reader's growing knowledge of the code.

- **Interest words**
  In the early books, the reader uses picture clues to read these words. Gradually the pictures become more complex and other clues are needed. The children are not expected to read these words fluently but will display their developing skills. e.g. picture clue, the initial sound, the end sound, a small word in a word, segmenting the word and sounding it out, the position of the word in a sentence.

- **Context words**
  These are words that are altered in a particular context or as part of a familiar phrase, e.g. *sa ghairdín*, *le do thoil*. Readers are not expected to read these words fluently but to display an awareness of syntax, prediction and understanding.

Notes on how to help the reader with these words are at the back of each book.

Spriocfhocail agus Focail Athráite

Tá 60 spriocfhocal i mBanda 3 agus iad in úsáid faoi dhó don athchleachtadh. Is measc de spriocfhocail Bhanda 2 don athchleachtadh chomh maith le focail suime nó focail i gcomhthéacs ó Bhandaí 1 agus 2 atá ann go minic agus atá anois mar spriocfhocail. Ba cheart go mbeadh páistí ag léamh na spriocfhocal go líofa.

Léirítear thíos an líon uaireanta a úsáidtear spriocfhocail Bhandaí 1 agus 2 i mBanda 3 agus an líon uaireanta a athúsáidtear spriocfhocail Bhanda 3 i mBanda 3. Déantar cinnte de go bhfuil na focail athráite agus mar sin, daingnithe ag an léitheoir.

Spriocfhocail Bhanda 1 i mBanda 3

Spriocfhocail 1a	3a	3b	3c
seo	73	69	88
tá	105	118	116
mé	27	19	11
is	29	36	36
an	165	206	195
ag	100	93	111
ar	85	71	72
sé	31	30	39
sí	8	19	41
sa	33	54	63

Spriocfhocail 1b	3a	3b	3c
agam	8	9	5
siad	31	30	24
arsa	39	63	116
dul	12	16	27
amharc	15	8	6
liom	27	18	26
maith	21	27	25
é	20	9	25
í	2	1	13
níl	17	16	21

Spriocfhocail 1c	3a	3b	3c
leis	25	28	32
isteach	8	20	29
ann	40	39	17
atá	19	18	17
leat	6	22	20
anois	29	26	37
agat	2	11	2
sin	5	15	22
iad	3	18	11
bhí	47	39	47
cá/an bhfuil?	*35*	*15*	*37*
an/ní raibh	*4*	*12*	*9*

Spriocfhocail agus Focail Athráite

Spriocfhocail Bhanda 2 i mBanda 3

Spriocfhocail 2a	3a	3b	3c
agus	50	51	58
beag	16	8	9
rinne	7	16	18
chuir	10	29	10
fuair	3	11	7
tháinig	9	14	14
déan	5	15	8
chuig	8	16	14
nach	6	10	21
muid	15	25	0

Spriocfhocail 2b	3a	3b	3c
chuaigh	20	17	21
amach	7	14	23
thóg	3	8	7
thig/féidir	11	8	13
chonaic	19	16	24
air	15	7	12
níor	11	2	21
teacht	7	8	5
thug	6	6	2
eile	8	5	16

Spriocfhocail 2c	3a	3b	3c
bheith	13	9	9
orm	5	13	14
faoin	0	7	7
aige	14	7	3
beidh	9	13	20
aici	1	3	8
sibh	11	4	6
fearr	6	8	6
bíonn	27	23	25
uirthi	3	10	11

Spriocfhocail agus Focail Athráite

Spriocfhocail Bhanda 3

Tá 60 spriocfhocal i mBanda 3. Moltar go mbeadh an léitheoir in ann na focail seo a léamh go líofa. Tá dhá spriocfhocal le gach leabhar i mBanda 3. Tá gach spriocfhocal ann faoi dhó ach níl siad i leabhair i ndiaidh a chéile.

Tá spriocfhocail 3a, 3b agus 3c sna táblaí thíos. Tá na focail athráite i gcló dearg. Tá 60 spriocfhocal Bhanda 3 cláraithe ina dhiaidh sin.

Spriocfhocail 3a	3a	3b	3c
obair	20	5	8
rothar	19	0	0
rith	9	7	28
léim	15	13	5
chonaic	19	16	24
fear	24	11	17
teacht	7	8	5
suas	24	13	20
sibh	11	4	6
réidh	9	10	4
air	15	7	12
uisce	22	18	5
deas	11	9	19
beidh	9	13	20
beag	16	8	9
ar ais	9	1	11
níor	11	2	21
ina luí	12	3	8
chonaic			
siúl	17	4	10
thig/féidir	11	8	13
a dhéanamh	5	3	8
rothar			
síos	13	16	15
rinne	7	16	18
muid	15	25	0
thug	6	6	2
Mamaí	13	21	14
chuaigh	20	17	21
chuig	8	16	14
thig/féidir			
fear			
bíonn	27	23	25
beag			
mise	10	11	18
uisce			
aige	14	7	3
nuair	11	3	1
nuair			
fearr	6	8	6

Spriocfhocail agus Focail Athráite

Spriocfhocail 3b	3a	3b	3c
thug	6	6	2
teacht	7	8	5
déan	5	15	8
orm	5	13	14
aige	14	7	3
aici	1	3	8
inniu	4	13	11
teach	0	24	15
chuir	10	29	10
thóg	3	8	7
bíonn	27	23	25
bheith	13	9	9
sibh	11	4	6
Daidí	7	25	24
fuair	3	11	7
muid	15	25	0
uirthi	3	10	11
súgradh	6	12	7
ithe	2	10	5
agus	50	51	58
ithe			
réidh	9	10	4
chuaigh	20	17	21
suas	24	13	20
tháinig	9	14	14
amach	7	14	23
cuir	0	11	4
eile	8	5	16
bean	1	5	7
daoine	9	10	25
Daidí			
faoin	0	7	7
súgradh			
nach	6	10	21
déanann	1	4	7
duine	5	9	9
léim	15	13	5
síos	13	16	15
cuir			
déan			

Spriocfhocail agus Focail Athráite

Spriocfhocail 3c	3a	3b	3c
Mamaí	13	21	14
fuair	3	11	7
teach	0	24	15
deas	11	9	19
beidh	9	13	20
fearr	6	8	6
orm	5	13	14
chuig	8	16	14
thóg	3	8	7
gáire	1	3	19
obair	20	5	8
inniu	4	13	11
níor	11	2	21
tháinig	9	14	14
aici	1	3	8
eile	8	5	16
páistí	9	9	31
ar ais	9	1	11
cinnte	0	0	15
gáire			
siúl	17	4	10
duine	5	9	9
chuir	10	29	10
páistí			
faoin	0	7	7
amach	7	14	23
air	16	7	12
cinnte			
déanann	1	4	7
a dhéanamh	5	3	8
daoine	9	10	25
bean	1	5	7
bheith	13	9	9
nach	6	10	21
deas			
ina luí	12	3	8
rith	9	7	28
uirthi	2	10	11
rinne	7	16	18
mise	10	11	18

Spriocfhocail agus Focail Athráite

Spriocfhocail Bhanda 3 x 60

Spriocfhocail 3	3a	3b	3c
obair	20	5	8
rothar	19	0	0
rith	9	7	28
léim	15	13	5
chonaic	19	16	24
fear	24	11	17
teacht	7	8	5
suas	24	13	20
sibh	11	4	6
réidh	0	10	4
air	16	7	12
uisce	22	18	5
deas	11	9	19
beidh	9	13	20
beag	16	8	9
ar ais	9	1	11
níor	11	2	21
ina luí	12	3	8
siúl	17	4	10
thig/féidir	11	8	13
a dhéanamh	5	0	8
síos	13	16	15
rinne	7	16	18
muid	15	25	0
thug	6	6	2
Mamaí	13	21	14
chuaigh	20	17	21
chuig	8	16	14
bíonn	27	23	25
mise	10	11	18
aige	14	7	3
nuair	11	3	1
fearr	6	8	6
déan	5	15	8
orm	5	13	14
aici	1	3	8
inniu	4	13	11
teach	0	24	15
chuir	10	29	10
thóg	3	8	7
bheith	13	9	9
Daidí	7	25	24
fuair	3	11	7
uirthi	2	10	11
súgradh	6	12	7

Spriocfhocail agus Focail Athráite

Spriocfhocail 3	3a	3b	3c
ithe	2	10	5
agus	50	51	58
tháinig	9	14	14
amach	7	14	23
cuir	0	11	4
eile	8	5	16
bean	1	5	7
daoine	9	10	25
faoin	0	7	7
nach	6	10	21
déanann	1	4	7
duine	5	9	9
gáire	1	3	19
páistí	9	9	0
cinnte	0	0	15

Focail i gComhthéacs ó Bhanda 2 athráite i mBanda 3
Is spriocfhocail i mBanda 3 cuid acu seo.

Focail i gComhthéacs Bhanda 2	3a	3b	3c
ar bith	1	3	5
ar ais	8	1	11
cuidiú	13	9	6
deas	11	9	19
duine	5	9	9
eagla	2	4	0
imigh	2	1	7
inniu	4	13	11
lorg	0	0	3
réidh	9	10	0
rudaí	3	3	13
siúl	17	4	10
speisialta	1	5	5

*Moltar tacú leis an léitheoir na focail seo a léamh i gcomhthéacs an téacs nó an phictiúir. Is féidir cosúlachtaí a aimsiú idir iad agus focail eile, m.sh. leo/seo, libh/sibh, nó focail bheaga a aimsiú iontu a chuideoidh leis an léitheoir iad a bhriseadh síos, m.sh. Sa**thar**n, Domh**nach**.*

Spriocfhocail agus Focail Athráite

Focail i gComhthéacs Bhanda 3	3a	3b	3c
inné	2	0	0
ollmhór	0	1	2
róbheag	2	0	0
oíche	1	0	0
déanfaidh	0	0	5
cá mhéad?	7	0	1
cad é?	2	4	6
libh	4	6	1
leo	4	9	5
ina shuí	2	0	0
cuidiú	13	9	6
d'imigh	2	1	2
imigh	2	1	7
mo chairde	10	2	0
speisialta	1	5	5
faoi	1	3	7
go fóill/fós	0	5	1
ar bith	0	3	5
féin	0	0	1
a haon	2	0	2
go raibh maith agat	1	7	1
le do thoil	0	4	1
níl/tá a fhios agam	5	1	0
An Luan	2	3	0
An Mháirt	2	3	0
An Chéadaoin	2	3	0
An Déardaoin	2	3	0
An Aoine	2	3	0
An Satharn	2	3	0
An Domhnach	2	2	0
Geimhreadh	2	1	2
Samhradh	1	2	2
Earrach	1	2	4
Fómhar	1	1	1

Measúnú Bhanda 2

Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 2

1. Déan cuntas ar líon na bhfocal sa téacs, níl an teideal san áireamh.
2. Cuntais líon na n-earráidí agus na bhféincheartúchán a dhéantar sa léitheoireacht.
3. Úsáid an leathanach taifid ar a bhfuil téacs an leabhair leis an nodaireacht a dhéanamh.

Earráidí (Scríobh **E** in aice le focal nuair a dhéantar earráid)	**Féincheartúcháin** (Scríobh **FC** in aice le focal nuair a dhéantar féincheartúchán)
Is ionann é seo agus earráid amháin: • Malartú focal • Focal ar lár • Focal curtha isteach • Iarracht chontráilte • Focal a fuarthas ón mhúinteoir • Líne iomlán ar lár • Leathanach iomlán ar lár (ach bain de líon na bhfocal)	Ní earráidí iad seo, is féincheartúcháin iad: • Féincheartúchán • Athrá • Iarracht cheart • Fuaimniú amach *(cláraigh le línte idir na litreacha)*

Déan anailís ar na hearráidí agus na féincheartúcháin a dhéanann an léitheoir. An mbaineann na hearráidí le **Brí**, le **Struchtúr** nó le h**Amharc**?

- **B** - An bhfuil ciall leis an rud a léigh an léitheoir? Má tá ciall leis scríobh **B (brí)** in aice leis an earráid seo.

  scoil
  m.sh. Tá an cailín beag sa siopa. B S A

- **S** - An bhfuil an earráid ag teacht le comhréir nó le struchtúr na habairte?
  Scríobh **S (struchtúr)** in aice leis an earráid seo.

  Go raibh tú go maith
  m.sh. Go raibh maith agat. B S A

- **A** - An bhfuil an léitheoir ag léamh focail atá cosúil leis an fhocal cheart de réir cuma.
  An bhfuil an léitheoir ag amharc ar chuma an fhocail?
  Scríobh **A (amharc)** in aice leis an earráid seo.

  rith
  m.sh. Tá Lára ag ithe anois. B S A

Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 2

Ríomh céatadán cruinnis
Earráidí Líon na bhfocal – líon na n-earráidí = Scór *m.sh.* 29 – 5 = 24 Scór roinnte ar líon na bhfocal iolraithe faoi 100 = céatadán cruinnis 24 roinnte ar 29 = .8275 iolraithe ar 100 = 82.75
Féincheartúchán Léiríonn sé seo ábaltacht an léitheora sa mhonatóireacht ar a léitheoireacht féin. Suimigh na hearráidí + na féincheartúcháin = Líon iomlán *m.sh.* 6 + 2 = 8 Líon iomlán roinnte ar na FC = Ráta *m.sh.* 8 roinnte ar 2 = 1 : 4 Cheartaigh an léitheoir seo é/í féin uair amháin do gach ceithre fhocal a léadh go mícheart.

Maidir leis na céatadáin

Léitheoireacht neamhspleách 95% – 100%	Téacs teagascach 92% – 94%	Téacs teagascach dúshlánach 90% – 92%	Téacs deacair 89% agus níos ísle
Bog an páiste chuig téacs níos airde lena s(h)íneadh	Tá an páiste sínte agus ag foghlaim ag an leibhéal seo	Tá tacaíocht de dhíth ar an pháiste	Bog an páiste chuig téacs ag leibhéal níos ísle.

Ráta earráidí	% cruinnis	
1:200 1:100 1:50 1:35 1:25 1:20	99.5 99 98 97 96 95	→ Léitheoireacht neamhspleách
1:17 1:14 1:12.5 1:11.75 1:10	94 93 92 91 90	→ Téacs teagascach
1:9 1:8 1:7 1:6 1:5 1:4 1:3 1:2	89 87.5 85.5 83 80 75 66 50	→ Téacs deacair

Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 2

Cód Marcála don Taifead Reatha, Leabhar samplach

Gnásaíochtaí Léitheoireachta	Nodaireacht	Sampla
Léitheoireacht bheacht	Cuir tic le gach focal a léitear mar is ceart	✓ ✓ ✓ ✓ Tá mé sa veain.
Malartú focal	Scríobh an focal a dúradh os cionn an fhocail sa téacs	scoil Tá mé sa siopa.
Focal ar lár	Cuir líne os cionn an fhocail atá ar iarraidh	____ Seo é mo roicéad.
Focal eile a chur isteach	Cuir isteach ^ agus an focal	anseo Tá mé sa siopa. ^
Athrá	Scríobh A i ndiaidh an fhrása athráite agus tarraing saighead ar ais chuig tús an fhrása	←——— A Tá mé sa scuaine.
Iarrann cuidiú	Scríobh C os cionn an fhocail	C Tá mé sa teach.
D'inis an múinteoir an focal	Scríobh M in aice leis an fhocal a d'inis an múinteoir	Tá mé sa veain. M
Féincheartúchán	Scríobh FC i ndiaidh focal a cheartaíonn an páiste	mise/FC Tá mé sa scuaine.
Fuaimniú amach	Scríobh an focal os cionn an fhocail atá ann le litreacha scartha	s-p-á-s Tá mé sa spás.

Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 2

Leibhéal: Banda 2(a), 20 **Téacs: Micí** **Cineál téacs: Scéal** **Líon focal: 102**

Ainm: _____ Dáta breithe: _____ Aois: _____

Scoil: _____ Rang: _____ Dáta: _____

Ich	Micí Banda 2(a), 20 (spriocfhocal - muid)	E	FC	E BSA	FC BSA
2	Bhí mise agus Daidí sa charr. Bhí muid sa charr le Micí.				
4	Tháinig muid isteach sa pháirc. Bhí muid ag súgradh agus ag siúl. "Is maith liom an pháirc," arsa Daidí.				
6	Tháinig muid síos an cosán. Isteach sa chlábar le Micí agus le Daidí. "Is maith liom an pháirc," arsa mise.				

8	Tháinig muid chuig linn uisce. Isteach san uisce le Micí agus Daidí. Is maith le Micí dul isteach san uisce. 10 Bhí muid sa charr. Is maith le Micí dul sa charr. Bhí Daidí agus Micí salach! 12 Tháinig muid chuig an teach. "Nach muid atá salach," arsa Daidí.				
	Iomlán				

Taifead agus Scór na Léitheoireachta

Banda 2

Leibhéal: Banda 2(a), 20 Gnásaíochtaí léitheoireachta léirithe

Ainm: _____ Dáta: _____

	✓	×
